Vacsaíniú chun cosaint a thabhairt i gcoinne HPV

Eolas do thuismitheoirí agus do dhaoine atá incháilithe don vacsaíniú cúitimh HPV

HPV vaccine

HSE

Faoin chóras vacsaínithe cúitimh HPV

I mí na Nollag 2022, d'fhógair an tAire Sláinte clár vacsaínithe HPV nua. Ainmníodh an clár i gcuimhne Laura Brennan a mhol go dícheallach do vacsaíniú HPV sular bhásaigh sí ó Ailse Cheirbheacs i Márta 2019. Níl ach deis amháin á cur ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte do dhaoine incháilithe chun a vacsaín HPV a fháil. Tá an Vacsaín sábháilte, éifeachtach agus saor in aisce. Níl sé ar fáil ach go dtí deireadh 2023.

Maidir leis an mbileog seo

Tá an bhileog seo ann do thuismitheoirí, do mhic léinn, agus dóibh siúd atá i dteideal vacsaíniú cúitimh HPV a fháil. Tá súil againn go léann tuismitheoirí agus daltaí é le chéile. Tá foirne vacsaínithe FSS ag tairiscint vacsaíní HPV athdheise chuig:

- Tá na daltaí thíos fós sa mheánscoil – idir bhuachaillí agus chailíní – nach bhfuil an vacsaín HPV faighte acu cheana féin:
  - Daltaí baineanna sa 2ú – 6ú bliain den mheánscoil, den scoil bhaile nó i scoil speisialta
  - Daltaí fireanna sa 2ú – 6ú bliain den mheánscoil, scoil bhaile nó scoil speisialta
- Gach baineannach a d'fhág oideachas dara leibhéal agus atá faoi bhun 25 bliain d'aois ar dháta an vacsaínithe, ar an gcoinníoll nár tugadh an vacsaín dóibh roimhe seo
- Gach fireannach a d'fhág oideachas dara leibhéal agus atá faoi bhun 22 bliain d'aois ar dháta an vacsaínithe, ar an gcoinníoll nár tugadh an vacsaín dóibh roimhe seo.
  (Tabhair faoi deara: Tá mic léinn idirnáisiúnta mná neamhvacsaínithe faoi bhun 25 bliana d'aois agus mic léinn idirnáisiúnta fireann neamhvacsaínithe faoi bhun 22 bliain d'aois a bhfuil gnáthchónaí* orthu in Éirinn chun seirbhísí sláinte a fháil incháilithe freisin do vacsaíniú HPV faoin gclár gabhála).
- Tá Dídeanaithe agus Iarratasóirí atá ag lorg Cosaint in Éirinn atá comhionann ó thaobh inscne agus aoise de leis na grúpaí thuasluaite i dteideal vacsaíniú HPV a fháil faoi Chlár Vacsaínithe Gabhála HPV Laura Brennan - ar choinníoll nach bhfuil an vacsaín HPV faighte acu cheana féin.

*Tá gnáthchónaí ort má tá tú i do chónaí in Éirinn le bliain ar a laghad nó má tá sé i gceist agat cónaí anseo ar feadh bliana ar a laghad. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar Fhaisnéis do Shaoránaigh ag https://www.citizensinformation.ie/en/health/health-system/entitlement-to-public-health-services/

Tairgfear daoine atá i dteideal vacsaín HPV:

Dáileog vacsaíne amháin má tá córas imdhíonachta sláintiúil acu nó **Trí dháileog vacsaíne** má tá siad imdhíon-lagaithe (tá córais imdhíonachta laga acu).

Má tá do pháiste 15 bliana d'aois nó níos óige caithfidh tuismitheoirí agus caomhnóirí an t-eolas seo a léamh agus toiliú chun a thaispeáint go n-aontaíonn siad lena bpáiste an vacsaín seo a fháil.

Is féidir le daoine atá 16 bliana d'aois nó níos sine toiliú dóibh féin. Má tá tú idir 16 agus 24 bliana d'aois, caithfidh daoine an t-eolas seo a léamh agus toiliú chun a thaispeáint go n-aontaíonn siad an vacsaín seo a fháil.

Insíonn an bhileog seo duit faoi:

- an vacsaín HPV – cad a chosnaíonn sé ina choinne agus na dáileoga ag teastáil
- Tugann na foirne vacsaínithe cuairt ar
- ceisteanna coitianta
- cá háit ar féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil
- Toiliú

Má tá ceist agat faoi aon chuid den bhileog seo, téigh i dteagmháil le ball den fhoireann vacsaínithe. Gheobhaidh tú sonraí teagmhála ar www.hpv.ie

Vacsaín HPV

Is substaint í vacsaín a chuireann imdhíonacht (cosaint) ar fáil i leith galar ar leith. Cosnaíonn an vacsaín HPV i gcoinne an víris HPV a d'fhéadfadh ailse a chruthú.

Ag fáil vacsaín

Tabharfaidh foirne imdhíonta FSS an vacsaín HPV ar scoil nó i gclinic imdhíonta. Ní bheidh ach 1 dháileog de vacsaín HPV ag teastáil ó fhormhór na ndaoine chun cosaint a fháil.

I gcás daoine atá imdhíon-lagaithe (a bhfuil córais imdhíonachta laga acu), tá gá le 3 dháileog de vacsaín HPV.

- Dáileog 1
- Tugtar dáileog 2 thart ar 2 mhí ina dhiaidh sin
- Dáileog 3 thart ar 6 mhí ina dhiaidh sin (m.sh. 4 mhí tar éis dáileog 2)

Má tá an scoil críochnaithe agat tabharfar cuireadh duit vacsaín a fháil i gclinic FSS. Tugtar an vacsaín sa lámh.

Vacsaín HPV - tuilleadh faisnéise

Cad is HPV ann?

Is ionann HPV agus 'papalómaivíreas daonna', rud ar grúpa de bhreis is 100 víreas é. Tá an víreas HPV an-choitianta; tógfaidh an chuid is mó de dhaoine ionfhabhtú HPV de chineál éigin i rith a saoil. Féadann tú an víreas HPV a tholgadh trí bheith gníomhach go gnéasach le duine a bhfuil an víreas air nó uirthi cheana féin. Imíonn an chuid is mó d'ionfhabhtuithe HPV leo féin agus ní gá cóireáil a dhéanamh orthu. É sin ráite, i gcás daoine áirithe, fanann an t-ionfhabhtú HPV ina gcorp agus bíonn sé ina chúis le hailse. Bíonn HPV ina chúis le faithní na mball giniúna chomh maith. Tugann an vacsaín HPV cosaint ar ailse cheirbheacs agus ar ailsí eile. Gardasil 9 is ainm don vacsaín HPV.

Cén fáth a dtugtar vacsaín HPV do chailíní agus do bhuachaillí araon?

Mar sin féin, is féidir leis an víreas HPV a bheith ina chúis le hailsí agus coinníollacha eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhuachaillí agus ar fhir, agus ó Mheán Fómhair 2019, tairgeadh an vacsaín HPV do bhuachaillí freisin.

Nuair nach n-imíonn ionfhabhtuithe HPV leo féin, is féidir leo cineálacha áirithe ailse a fhás. I bhfireannaigh, áirítear orthu sin:

- Ailse bhéalfharaingeach (ailsí an bhéil agus na scornach)
- Ailse phéinis
- Ailse ansach

Dá mhéad daoine óga atá vacsaínithe – idir bhuachaillí agus chailíní – is ea is fearr is féidir scaipeadh an ionfhabhtaithe a rialú.

Cé na tíortha ina dtugtar vacsaín HPV?

Tugann níos mó na 140 tír agus críoch vacsaín HPV anois mar chuid dá sceideal náisiúnta imdhíonta, agus tugann níos mó ná 50 de na tíortha sin an vacsaín do bhuachaillí agus do chailíní. I measc na dtíortha sin, tá:

- An Astráil
- An Nua-Shéalainn
- An Iorua
- An Ríocht Aontaithe
- Na Stáit Aontaithe

Tá tuilleadh faisnéise maidir lena fheabhas atá éirithe leis na cláir sin ar fáil ar www.hpv.ie

Tá an vacsaíniú athdeise HPV seo á thairiscint do bhuachaillí, do chailíní, d'fhireannaigh níos sine suas le 22 bliain d'aois agus do bhaineannaigh níos sine suas le 25 bliain d'aois.

Tugtar vacsaín HPV i níos mó ná 140 tír chun ailsí a chosc.

Cé na hailsí a bhféadfadh HPV a bheith ina chúis leo?

Is féidir le HPV raon loit réamh-ailseach - cealla neamhghnácha a chruthú i bhfir agus i mná araon. Is é HPV is cúis le beagnach 10 as 10 n-ailse cheirbheacs. Is cúis le cineálacha ardriosca HPV freisin:

- 5 as 10 ailse den phit
- 6 as 10 n-ailse an bhéil agus an scornach (ailsí bhéalfharaingeach)
- beagnach 7 as 10 n-ailse den fhaighin
- 9 as 10 n-ailse den anas
- beagnach 4 as 10 n-ailse den bhod

Tá an vacsaín HPV faighte ag níos mó ná 550,000 dalta in Éirinn agus ag 100 milliún duine ar fud an domhain

Is cúis le HPV 1 i 20 ailse ar fud an domhain.

Cé mhéad dáileog den vacsaín HPV atá de dhíth?

Tá comhairle nuashonraithe eisithe ag an gCoiste Comhairleach Náisiúnta Imdhíonta (NIAC) faoi líon na ndáileog den vacsaín HPV a bheadh ag teastáil.

Molann NIAC anois:

- **Dáileog amháin** de **vacsaín HPV** do dhaoine idir 9-24 bliana d'aois.
- **Dhá dháileog** de **vacsaín HPV** dóibh siúd atá os cionn 25 bliain d'aois
- **Trí dháileog** de **vacsaín HPV** do dhaoine atá imdhíon-lagaithe (a bhfuil córas imdhíonachta lag acu)

Is í an chéad bhliain sa mheánscoil (nó chomh luath agus is féidir) an t-am is fearr chun an vacsaín a fháil, mar is éifeachtaí má thugtar ag an aois seo í.

Ceisteanna Coitianta

An féidir le daltaí sa chéad bhliain sa mheánscoil cinneadh a dhéanamh fanacht agus an vacsaín HPV a fháil níos déanaí mar chuid den chlár vacsaínithe cúitimh seo?

Tá vacsaíniú HPV tairgthe do dhaltaí atá anois sa chéad bhliain den mheánscoil i mbliana mar chuid den ghnáthchlár imdhíonta scoile.

Ní thairgfear vacsaíniú cúitimh HPV do na mic léinn seo níos déanaí.

Má dhéanann tú an cinneadh fanacht go dtí go mbeidh do pháiste níos sine chun an vacsaín a fháil, beidh ort do pháiste a vacsaíniú trí do dhochtúir teaghlaigh agus beidh ort íoc as an táille riaracháin agus as na vacsaíní

Is deis aon uair amháin é Clár Vacsaínithe HPV Laura Brennan do bhaineannaigh agus d'fhireannaigh suas go dtí aois áirithe nach bhfuil an vacsaín HPV faighte acu roimhe seo é a fháil anois.

An bhfuil spriocdháta ar an tairiscint seo?

Tá. Ní bheidh an tairiscint seo ar fáil ach go dtí deireadh 2023.

An féidir le daoine a fuair vacsaín HPV2 (Cervarix) nó HPV4 (Gardasil 4) roimhe seo, anois an vacsaín HPV9 a thairiscint sa chlár vacsaínithe cúitimh seo?

Níl, má fuair tú cúrsa vacsaínithe HPV2 nó HPV4 san am atá thart ní gá duit a vacsaíniú arís le vacsaín HPV9 anois.

An bhfaighidh mé taifead ar na vacsaíní a tugadh?

Gheobhaidh. Ar lá an vacsaínithe, déanfaidh an fhoireann vacsaínithe scoile na pasanna imdhíonta a uasdátú. Mura bhfuil pas imdhíonta agat, tabharfaidh ball den fhoireann imdhíonta ceann duit i ndiaidh an vacsaínithe.

Conas is féidir le mic léinn/liom ullmhú do lá vacsaínithe?

Ar lá an vacsaínithe, ba cheart do dhaltaí:

- Bricfeasta a ithe
- Barréide ghearrmhuinchilleach scaoilte a chaitheamh

Conas atá a fhios againn go bhfuil vacsaíní sábháilte?

Tá na vacsaíní go léir sábháilte agus tá sé cruthaithe go sábhálfaidh siad beatha daoine agus chun tinneas tromchúiseach a chosc. Déanann comhlachtaí idirnáisiúnta monatóireacht dhocht agus athbhreithniú ar vacsaíní go minic, comhlachtaí lena n-áirítear:

- an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
- an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach
- na hIonaid um Ghalair a Chosc agus a Rialú sna Stáit Aontaithe (CDPC)

Tá sé tuairiscithe go leanúnach ag gach comhlacht idirnáisiúnta go bhfuil na vacsaíní a úsáidtear in Éirinn sábháilte gan aon fho-iarmhairtí fadtéarmacha ar eolas.

An bhfuil fo-iarsmaí gearrthéarmacha ag vacsaín HPV?

Níl aon fhadhb ag formhór na ndaoine tar éis na vacsaíne HPV. Is féidir le cuid acu achar péine, at agus deargadh a bheith ina lámh inar tugadh an t-instealladh. B'fhéidir go bhfaighidh cuid acu tinneas cinn, go mbraitheann siad tinn ina mbolg nó go rithfidh siad teocht bheag. De ghnáth téann sé seo tar éis lá nó dhó.

An bhfuil fo-iarsmaí fadtéarmacha ag vacsaín HPV?

Níl aon fho-iarsmaí fadtéarmacha doiciméadaithe de vacsaín HPV.

An gá do dhaoine freastal ar scagthástáil ceirbheacs fiú má fuair siad vacsaín HPV?

Is gá. Cé go dtugann an vacsaín HPV cosaint ar fhormhór na n-ailse ceirbheacs, ní chosnaíonn sé ina gcoinne ar fad. Mar sin tá sé tábhachtach go fóill do mhná agus do dhaoine a bhfuil ceirbheacs acu freastal ar scagthástáil ceirbheacs HPV gach uair a thugtar cuireadh dóibh. Tá scagthástáil ceirbheacs HPV saor in aisce do dhaoine 25-65 bliana d'aois. Is féidir leat tuilleadh a léamh ar hse.ie/cervicalcheck

Cad is gá dom a thabhairt liom má tá vacsaín á fháil agam i gclinic FnaSS?

Má tá vacsaín á fháil agat i gclinic vacsaínithe ní mór duit Comhartha Aitheantais (ID) a thaispeánann dáta breithe agus do ghrianghraf a thabhairt leat. D'fhéadfadh pas nó do cheadúnas tiomána a bheith san áireamh anseo.

Cá háit ar féidir leat tuilleadh eolais a fháil

Má tá aon cheist agat, pléigh iad le ball de d'fhoireann vacsaínithe FSS, d'altra sláinte poiblí nó do dhochtúir teaghlaigh.

Is féidir leat dul chuig www.hpv.ie agus www.immunisation.ie freisin chun físeáin agus bileoga eolais a fháil maidir leis na vacsaíní.

Is féidir leat naisc a fháil freisin leis na bileoga eolais othar don vacsaín ag www.hpra.ie. Cuardaigh Gardasil 9 (HPV) chun an bhileog faisnéise othar ábhartha a léamh.

HPV vaccine

HSE